



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preasráiteas Press Statement

Eisíonn an CSO “Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí”

In 2015, cuireadh 13.9% d’onnmhairí earraí chuig an RA agus tháinig 25.7% d’allmhairí earraí ón RA.

In 2014, cuireadh 18% d’onnmhairí seirbhísí chuig an RA agus tháinig 10% d’allmhairí seirbhísí ón RA.

An RA ba chúis le 10.9% de stoc na hÉireann d’infheistíocht dhíreach amach ag deireadh 2015.

An RA ba chúis le 4.6% den stoc d’infheistíocht dhíreach isteach go hÉirinn ag deireadh 2015.

Cuairteoirí ón RA ba chúis le 41% (3.5 milliún) de thurais thar sáile go hÉirinn glactha ag neamhchónaitheoirí na tíre in 2015.

Ba de bhunadh an RA 23% (€971m) den chaitechas iomlán (gan táillí taistil san áireamh) a rinne neamhchónaitheoirí na hÉireann ar thurais inti ón gcoigríoch.

D’eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) an foilseachán “Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí” inniu. Cuirtear figiúirí ar fáil san fhoilseachán lena chuimsítear na príomhréimsí a bhfuil sonraí againn ina leith i dtaca le caidreamh na hÉireann leis an RA.

Agus tagairt á déanamh aige don fhoilseachán, dúirt Ard-Stiúrthóir na hOifige Pádraig Daltún “Tar éis do thoghthóirí sa Ríocht Aontaithe (RA) vótáil ar son imeacht as an Aontas Eorpach (AE) i mí an Mheithimh 2016, chinn an Phríomh-Oifig Staidrimh sraith táblaí comhiomlána a chur i dtoll a chéile a dhéanann cur síos ar an gcaidreamh idir Éire agus an RA in uimhreacha. Tá 24 tábla sa tuarascáil seo a chuimsíonn na príomhréimsí a bhfuil sonraí againn ina leith i dtaca lenár gcaidreamh leis an RA agus a léiríonn an chéad chéim sa phróiseas craobhscaoilte seo. Déanfaimid foilseachán leictreonach a sheoladh go luath ina mbeidh na táblaí atá sa tuarascáil seo chomh maith le faisnéis níos mionsonraithe. Tá sé i gceist chomh maith leathanach tiomnaithe, a dhéanfaidh rianú ar tháscairí i dtaca lenár gcaidreamh leis an RA a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hOifige go luath in 2017. Beidh an leathanach sin cosúil leis an leathanach ar shuíomh gréasáin na hOifige “Príomhtháscairí Eacnamaíochta” agus cruthófar é trí úsáid a bhaint as sonraí i stór sonraí an CSO, agus dá réir sin beidh sé i gcónaí cothrom le dáta.”

Agus trácht á dhéanamh aici ar mhionsonraí na tuarascála, dúirt Helen Cahill, Staitisteoir: “Bhí sreabhadh infheistíochta dírf de €169.8bn (billiún) isteach go hÉirinn in 2015 agus bhí dí-infheistiú de €4.1bn ag an Ríocht Aontaithe. Bhí sreafaí díreacha infheistíochta thar lear as Éirinn de €149.9bn in 2015 agus bhí sreabhadh díreach infheistíochta isteach sa RA as Éirinn de €0.5bn.

Bhí luach €815.2bn de stoc na hÉireann d’infheistíocht dhíreach thar lear ag deireadh na bliana 2015 agus bhain 10.9% de sin leis an RA. Bhí luach €795.6bn de stoc infheistíochta dírf isteach go hÉirinn ag deireadh na bliana 2015, agus bhain 4.6% de sin le hinfeistíocht ón RA.

Bhí luach €1,935bn de shealúchais urrús coigríche ag cónaitheoirí in Éirinn ag deireadh mhí na Nollag 2014 agus bhain €343bn, nó 17.7% d’iomlán na sealúchas, le hionstraimí a eisíodh sa RA.

Bhí 307,999 duine páirteach i bhfiontair chleamhnaithe choigríche faoi úinéireacht Éireannach in 2014 agus bhí 86,180 díobh sin (28%) lonnaithe sa RA. Bhí láimhdeachas de €99bn ag fiontair chleamhnaithe choigríche atá faoi úinéireacht Éireannach in 2014 agus ba sa RA a bhí €37.6billiún (28%) de sin.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)
0870 876 0256 (RA/TÉ)
+353 21 453 5000

+353 21 453 5555

eolas@cso.ie
www.cso.ie/en/baile/

D'easpórtáil Éire luach €101.8bn de sheirbhísí in 2014 agus chuaigh €18bn (18%) de na seirbhísí easpórtáilte sin chuig an RA. Iompórtáladh luach €109.4bn de sheirbhísí in 2014 agus is ón RA a tháinig luach €11.4bn (10%) de na seirbhísí iompórtáilte sin.

Sa bhliain 2015, d'easpórtáil Éire luach €112.4bn d'earraí agus chuaigh luach €15.6bn (13.9%) de na hearraí sin chuig an RA. Ba iad na cúig chatagóir earraí ba mhó a easpórtáladh chuig an RA sa bhliain 2015 ná:

- ◆ Feoil agus ullmhóidí feola (€1.9bn),
- ◆ Táirgí leighis agus cógaisíochta (€1.5bn),
- ◆ Ceimiceáin orgánacha (€1.0bn),
- ◆ Blátholaí, ábhar cumhráin; ullmhóidí maisíochta agus níocháin (€0.8bn) agus
- ◆ Táirgí déiríochta agus uibheacha éanlaithe (€0.8bn).

Iompórtáladh luach €70.1bn d'earraí in 2015 agus is ón RA a tháinig luach €18bn (25.7%) de na hearraí iompórtáilte sin. Ba iad na cúig chatagóir ba mhó de na hearraí iompórtáilte ón RA in 2015 ná:

- ◆ Peitriiliam, táirgí peitriiliam agus ábhair bhainteacha (€1.9bn),
- ◆ Gás, nádúrtha agus monaraithe (€1.1bn),
- ◆ Earraí monaraithe éagsúla nach luaitear i mball eile (€1.1bn),
- ◆ Blátholaí, ábhar cumhráin; ullmhóidí maisíochta agus níocháin (€0.8bn) agus
- ◆ Gach tráchtearra agus idirbheart eile (€0.7bn).

Rinne daoine nach raibh cónaí orthu in Éirinn 8.6 milliún turas ón gcoigríoch go hÉirinn in 2015 agus ba chuariteoirí ón mBreatain Mhór a bhí i gceist maidir le 3.5 milliún (41%) de na turais sin. Ba é €4.2 milliún an caiteachas iomlán (gan táillí taistil san áireamh) a rinne daoine nach raibh cónaí orthu in Éirinn ar thurais ón gcoigríoch go hÉirinn in 2015 agus bhain €971 milliún (23%) den chaiteachas le cuairteoirí ón mBreatain Mhór. Ba é an meánchaiteachas (gan táillí taistil san áireamh) a rinne na turasóirí ina n-iomláine €487 agus ba é €274 an meánchaiteachas a rinne cuairteoirí ón mBreatain Mhór. Chaith cuairteoirí ón mBreatain Mhór 4.3 oíche ar an meán in Éirinn in 2015 i gcomparáid le 7.1 oíche ar an meán ag na cuairteoirí go léir.

Bhí 51,663 carr príobháideach athlámhe (nach raibh nua) cláraithe in Éirinn in 2014 agus iompórtáladh 97% de na carranna sin ón RA.”

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Helen Cahill ar 01-4984253 nó helen.cahill@cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

Bóthar na Sceiche Airde

Corcaigh

T12 X00E

www.cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

07 Nollaig 2016

– CRÍOCH –